**Leasú 21**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Lua 14 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 14 agus an 15 Nollaig 2023, maidir leis an gcinneadh tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin agus le Poblacht na Moldóive, tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a luaithe a bhainfear amach an méid comhlíonta is gá leis na critéir bhallraíochta agus stádas mar iarrthóir a thabhairt don tSeoirsia ar an tuiscint go nglactar na céimeanna ábhartha a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023,*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0403/22

**Leasú 22**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Lua 14 b (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***– ag féachaint don ráiteas ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 16 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht mhíleata Iosrael atá beartaithe in Rafah,*** |

Or. en

**Leasú 23**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris I**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| I. de bhrí, in 2023, gur thug an Pharlaimint agus an Chomhairle comhaontuithe i gcrích maidir le tionscal cosanta na hEorpa tríd an ngníomh comhsholáthair (EDIRPA) agus tríd an nGníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlón (ASAP), arb é is aidhm dóibh soláthar comhpháirteach táirgí cosanta a spreagadh, acmhainneacht táirgeachta thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú, stoic laghdaithe a athshlánú agus ilroinnt in earnáil an tsoláthair cosanta a laghdú; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh tionscnamh chun fíor-chomhtháthú cosanta Eorpach a bhunú, lena n-áirítear Clár Eorpach Infheistíochta um Chosaint (EDIP); | I. de bhrí, in 2023, gur thug an Pharlaimint agus an Chomhairle comhaontuithe i gcrích maidir le tionscal cosanta na hEorpa tríd an ngníomh comhsholáthair (EDIRPA) agus tríd an nGníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlón (ASAP), arb é is aidhm dóibh soláthar comhpháirteach táirgí cosanta a spreagadh, acmhainneacht táirgeachta thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú, stoic laghdaithe a athshlánú agus ilroinnt in earnáil an tsoláthair cosanta a laghdú; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh tionscnamh chun fíor-chomhtháthú cosanta Eorpach a bhunú, lena n-áirítear Clár Eorpach Infheistíochta um Chosaint (EDIP) ***agus Straitéis thionsclaíoch um an gcosaint Eorpach***; |

Or. en

21.2.2024 A9-0403/24

**Leasú 24**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris L**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| L. de bhrí gur léirigh na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinne Hamas i gcoinne Iosrael an staid slándála luaineach agus dhinimiciúil sa Mheánoirthear agus gur gá don Aontas agus do ghníomhaithe idirnáisiúnta eile freagracht níos mó a ghlacadh orthu féin agus cabhrú le rialtais agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta sa réigiún síocháin mharthanach agus inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe trí leanúint de thacaíocht a thabhairt do réiteach dhá stát idir Iosrael agus an Phalaistín; | L. de bhrí gur léirigh na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinne Hamas i gcoinne Iosrael an staid slándála luaineach agus dhinimiciúil sa Mheánoirthear agus gur gá don Aontas agus do ghníomhaithe idirnáisiúnta eile freagracht níos mó a ghlacadh orthu féin agus cabhrú le rialtais agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta sa réigiún síocháin mharthanach agus inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe trí leanúint de thacaíocht a thabhairt do réiteach dhá stát idir Iosrael agus an Phalaistín; ***de bhrí gur maraíodh 1 139 Iosraelach agus saoránach eachtrach an 7 Deireadh Fómhair 2023, agus gur gabhadh 240 duine mar ghiall le linn an ionsaí sceimhlitheoireachta shuaithinseach a rinne Hamas; de bhrí gur maraíodh na mílte Palaistíneach neamhurchóideach agus na céadta ball foirne de chuid na Náisiún Aontaithe, pearsanra leighis agus iriseoirí i Stráice Gaza mar thoradh ar fhreagairt Rialtas Iosrael; de bhrí go bhfuil an bhuamáil leanúnach agus aslonnú éigeantach na bPalaistíneach ó dheas ó Stráice Gaza tar éis staid dhaonnúil uafásach atá ag dul in olcas go tapa a chruthú; de bhrí gur mharaigh ionsaithe a rinne fórsaí agus lonnaitheoirí Iosraelacha 330 Palaistíneach ar a laghad ar an mBruach Thiar ón 7 Deireadh Fómhair 2023 i leith; de bhrí gur ordaigh an Chúirt*** |

***Bhreithiúnais Idirnáisiúnta, ina rialú eatramhach, d'Iosrael bearta sealadacha a chur chun feidhme i gcás* Chur i bhFeidhm an Choinbhinsiúin maidir le Coireacht an Chinedhíothaithe i Stráice Gaza a Chosc agus a Phionósú *(*an Afraic Theas *v* Iosrael*);***

Or. en

21.2.2024 A9-0403/25

**Leasú 25**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris L a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***La. de bhrí go bhfuil na hionsaithe leanúnacha sa Mhuir Rua a seoladh ó limistéir Éimin atá faoi smacht Houthi, le tacaíocht ón Iaráin, ina mbagairt shuntasach ar shaoirse loingseoireachta, slándála muirí agus trádála idirnáisiúnta; de bhrí go bhfuil ionsaithe breise ag mílístí éagsúla san Iaráic agus sa tSiria, a fhaigheann tacaíocht ón Iaráin, ag cur tuilleadh leis an mbaol go rachaidh an géarú réigiúnach in olcas; de bhrí go bhfuil an riosca géaraithe sa réigiún níos airde anois ná mar a bhí leis na deicheanna de bhlianta;*** |

Or. en

**Leasú 26**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris T**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| T. de bhrí gur léirigh Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais chun tacú leis an Úcráin (EUMAM) an tionchar dearfach atá ag misin agus oibríochtaí CBSC leis na hacmhainní agus na ranníocaíochtaí is gá ó na Ballstáit; de bhrí go bhfuil sprioc maidir le 30 000 saighdiúir Úcránach a chur faoi oiliúint bainte amach ag EUMAM cheana féin; de bhrí go bhfuil an misean réidh freisin chun oiliúint aeir agus mhuirí a chomhtháthú de réir mar is iomchuí agus chun freagairt d’aon iarrataí oiliúna práinneacha eile de chuid na hÚcráine; de bhrí go bhfuil an misean réidh freisin chun oiliúint aeir agus mhuirí a chomhtháthú de réir mar is iomchuí agus chun freagairt d’aon iarrataí oiliúna práinneacha eile de chuid na hÚcráine; | T. de bhrí gur léirigh Misean Cúnaimh Mhíleata an Aontais chun tacú leis an Úcráin (EUMAM) an tionchar dearfach atá ag misin agus oibríochtaí CBSC leis na hacmhainní agus na ranníocaíochtaí is gá ó na Ballstáit; de bhrí go bhfuil sprioc maidir le 30 000 saighdiúir Úcránach a chur faoi oiliúint bainte amach ag EUMAM cheana féin; de bhrí, bunaithe ar thorthaí agus ar threochtaí reatha, go bhfuil EUMAM réidh chun oiliúint a chur ar níos mó pearsanra míleata de chuid na hÚcráine chun an sprioc de ***60 000*** saighdiúir a bhaint amach; de bhrí go bhfuil an misean réidh freisin chun oiliúint aeir agus mhuirí a chomhtháthú de réir mar is iomchuí agus chun freagairt d’aon iarrataí oiliúna práinneacha eile de chuid na hÚcráine; |

Or. en

21.2.2024 A9-0403/27

**Leasú 27**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ag cáineadh go géar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha a rinne an grúpa sceimhlitheoireachta Hamas i gcoinne Iosrael, lena n-áirítear gialla a thógáil, agus á chur in iúl go dtacaíonn sí le Stát Iosrael agus lena mhuintir; á iarraidh go scaoilfear saor láithreach agus gan choinníoll na gialla uile a thóg an grúpa sceimhlitheoireachta Hamas agus go ndéanfaí coirp na ngiall a bhásaigh a thabhairt ar ais; ag cur béim ar cheart Iosrael é féin a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á iarraidh go mbeadh rochtain dhaonnúil leanúnach, mhear, shábháilte agus gan bhac ann dóibh siúd atá i ngátar trí na bearta uile is gá lena n-áirítear conairí daonnúla agus sosanna do riachtanais dhaonnúla; ag cur in iúl a brón ó chroí agus a dlúthpháirtíocht iomlán leis na híospartaigh neamhurchóideacha ar an dá thaobh, lena dteaghlaigh agus lena ngaolta; á iarraidh go dtabharfaí chun cuntais iad siúd atá freagrach as gníomhartha sceimhlitheoireachta agus as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta; | 3. ag cáineadh go géar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha a rinne an grúpa sceimhlitheoireachta Hamas i gcoinne Iosrael, lena n-áirítear gialla a ghabháil***;*** á chur in iúl go dtacaíonn sí le Stát Iosrael agus a mhuintir***, agus le sibhialtaigh na Palaistíne i Stráice Gaza agus sa Bhruach Thiar***; á iarraidh go scaoilfear saor láithreach agus gan choinníoll na gialla uile a thóg an grúpa sceimhlitheoireachta Hamas agus go ndéanfaí coirp na ngiall a bhásaigh a thabhairt ar ais; ag cur béim ar cheart Iosrael é féin a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta; ***á chur i bhfáth nach mór do na páirtithe uile idirdhealú a dhéanamh, i gcónaí, idir comhraiceoirí agus sibhialtaigh agus nach bhféadfaidh páirtithe ach comhraiceoirí agus spriocanna míleata a ionsaí;*** á iarraidh ***go práinneach*** go mbeidh ***sos cogaidh buan ann láithreach agus*** rochtain dhaonnúil leanúnach, mhear, shábháilte agus gan bhac agus cabhair dhaonnúil chun iad siúd atá i ngátar a bhaint amach trí na bearta uile is gá lena n-áirítear conairí daonnúla***, i bhfianaise leibhéil thurraingeacha neamhdheimhneacht an tsoláthair bia, an riosca gorta agus leathadh galar; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di méid na dtaismeach sibhialtach i Stráice Gaza, mar gheall ar fhreagairt mhíleata*** |

***dhíréireach Iosrael; á iarraidh ar Rialtas Iosrael gan gníomhaíocht mhíleata a dhéanamh in Rafah, a dhéanfadh staid*** dhaonnúil ***atá tubaisteach cheana féin níos measa agus a chuirfeadh cosc ar sholáthar seirbhísí bunúsacha agus cúnaimh dhaonnúil a bhfuil géarghá leo***; ag cur in iúl a brón ó chroí agus a dlúthpháirtíocht iomlán leis na híospartaigh neamhurchóideacha ar an dá thaobh, lena dteaghlaigh agus lena ngaolta; á iarraidh go dtabharfaí chun cuntais iad siúd atá freagrach as gníomhartha sceimhlitheoireachta agus as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta; ***á iarraidh go ndéanfaí imscrúdú críochnúil ar an ról atá ag tríú stáit, lena n-áirítear an Iaráin agus Catar, agus ar eintitis neamhstáit maidir le tacaíocht airgeadais, ábhartha agus oibríochtúil a sholáthar do Hamas;***

Or. en

**Leasú 28**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. ag cáineadh go láidir na n-ionsaithe leanúnacha ar ghníomhaíochtaí muirí sa Mhuir Rua a seoladh ó chríocha atá faoi rialú Houthi in Éimin, le tacaíocht ón Iaráin; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh a rinne na Ballstáit oibríocht mhuirí CBSC a sheoladh, faoin ainm ASPIDES, chun soithí trádála a chosaint, trí fheasacht staide muirí a neartú agus trí shoithí tionlacain a neartú chun ionsaithe a dhíspreagadh; ag cáineadh a thuilleadh na n-ionsaithe a rinne grúpaí míleata ón Liobáin, ón tSiria agus ón Iaráic a bhfuil tacaíocht na hIaráine acu;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0403/29

**Leasú 29**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 6**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an togra ó Leas-Uachtarán/Ardionadaí Borrell, ag tógáil ar an iarraidh a rinne an Pharlaimint roimhe seo, go gcruthófaí ciste cúnaimh EUR 20 billiún laistigh de EPF, a bheidh tiomnaithe do thacaíocht a thabhairt d'fhórsaí armtha na hÚcráine le suas le EUR 5 bhilliún in aghaidh na bliana idir 2023 agus 2027, agus á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit é a fhormheas go pras; ag cáineadh go láidir na n-iarrachtaí atá déanta ag an Ungáir bac a chur ar na hiarrachtaí a rinneadh le déanaí chun cur leis an tSaoráid Eorpach Síochána agus leis an togra ó Leas-Uachtarán/Ardionadaí maidir leis an gciste cúnaimh speisialta don Úcráin; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór do gach cúnamh míleata agus seachadta arm ag an tSaoráid Eorpach Síochána Comhsheasamh an Aontais maidir le honnmhairiú arm, an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil a chomhlíonadh go hiomlán, agus nach mór dóibh trédhearcacht agus cuntasacht leormhaith a chur ar fáil; | 6. á chur in iúl gur geal léi an togra ***tosaigh*** ó Leas-Uachtarán/Ardionadaí Borrell, ag tógáil ar an iarraidh a rinne an Pharlaimint roimhe seo, go gcruthófaí ciste cúnaimh EUR 20 billiún laistigh de EPF, a bheidh tiomnaithe do thacaíocht a thabhairt d'fhórsaí armtha na hÚcráine le suas le EUR 5 bhilliún in aghaidh na bliana idir 2023 agus 2027***; á chur in iúl gur oth léi*** gur laghdaigh na Ballstáit ***an uaillmhian sin go dtí breisiú EUR 5 bhilliún agus ag tathant orthu teacht ar chomhaontú tapa ina leith sin***; ag cáineadh go láidir na n-iarrachtaí atá déanta ag an Ungáir bac a chur ar na hiarrachtaí a rinneadh le déanaí chun cur leis an tSaoráid Eorpach Síochána agus leis an togra ó Leas-Uachtarán/Ardionadaí maidir leis an gciste cúnaimh speisialta don Úcráin; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór do gach cúnamh míleata agus seachadta arm ag an tSaoráid Eorpach Síochána Comhsheasamh an Aontais maidir le honnmhairiú arm, an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil a chomhlíonadh go hiomlán, agus nach mór dóibh trédhearcacht agus cuntasacht leormhaith a chur ar fáil; |

Or. en

**Leasú 30**
**Pedro Marques, Sven Mikser**
thar ceann an Ghrúpa S&D

**Tuarascáil A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2119(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 8**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. á chur in iúl gur geal léi acmhainneacht EUMAM Ukraine aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna na hÚcráine ar bhealach solúbtha; ag dréim leis go mbeidh breisluach ag baint leis trí thairiscintí oiliúna a leathnú agus go ndéanfar é a shioncrónú le tionscnaimh oiliúna eile atá ar siúl cheana féin; á áitiú go ndéanfaí modúil oiliúna a chur in oiriúint do na ceachtanna a foghlaimíodh chun freagairt go leormhaith do riachtanais fhórsaí na hÚcráine; ag tréaslú leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus leis na Ballstáit as oiliúint rathúil réamh-mheasta suas le 30000 trúpa roimh dheireadh 2023; á chur in iúl gur geal léi an moladh ó VP/HR maidir le sprioc mhéadaithe 40000 saighdiúir Úcránach le hoiliúint faoi dheireadh 2023; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé modúil oiliúna a choigeartú agus a athbhreithniú go leanúnach bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón láthair chatha, chomh maith le béim leanúnach a leagan ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear frith-aerfheithiclí gan foireann (UAV), oiliúint i gcóras UAV, aerchosaint, brath mianach, airm chomhcheangailte agus oiliúint speisialaithe, agus acmhainneachtaí na n-oifigeach reatha agus na n-oifigeach a | 8. á chur in iúl gur geal léi acmhainneacht EUMAM Ukraine aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna na hÚcráine ar bhealach solúbtha; ag dréim leis go mbeidh breisluach ag baint leis trí thairiscintí oiliúna a leathnú agus go ndéanfar é a shioncrónú le tionscnaimh oiliúna eile atá ar siúl cheana féin; á áitiú go ndéanfaí modúil oiliúna a chur in oiriúint do na ceachtanna a foghlaimíodh chun freagairt go leormhaith do riachtanais fhórsaí na hÚcráine; ag tréaslú leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus leis na Ballstáit as oiliúint ***rathúil*** a chur ar ***bhreis is*** 30 000 trúpa roimh dheireadh 2023; á chur in iúl gur geal léi an moladh ó VP/HR maidir le sprioc mhéadaithe ***60 000*** saighdiúir Úcránach atá le hoiliúint ***in 2024***; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé modúil oiliúna a choigeartú agus a athbhreithniú go leanúnach bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón láthair chatha, chomh maith le béim leanúnach a leagan ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear frith-aerfheithiclí gan foireann (UAV), oiliúint i gcóras UAV, aerchosaint, brath mianach, airm chomhcheangailte agus oiliúint speisialaithe, agus acmhainneachtaí na n-oifigeach reatha agus na n-oifigeach a bheidh ann amach anseo de chuid fhórsaí |

| | |
|---|---|
| bheidh ann amach anseo de chuid fhórsaí armtha na hÚcráine a fhorbairt ar gach leibhéal agus i gcomhréir lena riachtanais; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, conclúid mhear an phlé agus rannpháirtíocht láidir na mBallstát i seoladh EUMAM Ukraine, ar féidir cur síos a dhéanamh air mar theimpléad do mhisin oiliúna míleata amach anseo, agus á iarraidh go ndéanfaidís uaillmhian agus rannchuidiú comhchosúil a léiriú le misin agus oibríochtaí eile CBSC atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; | armtha na hÚcráine a fhorbairt ar gach leibhéal agus i gcomhréir lena riachtanais; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, conclúid mhear an phlé agus rannpháirtíocht láidir na mBallstát i seoladh EUMAM Ukraine, ar féidir cur síos a dhéanamh air mar theimpléad do mhisin oiliúna míleata amach anseo, agus á iarraidh go ndéanfaidís uaillmhian agus rannchuidiú comhchosúil a léiriú le misin agus oibríochtaí eile CBSC atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; |

Or. en